



ANNUAL REPORT 2000

In August, the Library published its annual *Trustees Report* for the year 2000. In addition to providing information on the Library's activities in 2000, the report, for the first time, contains short articles by members of the staff on significant aspects of the Library's work.

The following are the highlights of last year's developments.

- The Library added materials valued at approximately £4 million to its collections in 2000. Included in that figure is £515,000 spent on purchases of books, manuscripts and other items; £1,384,953 for a manuscript draft of the *Circe* episode of **James Joyce's Ulysses** and £1.75 million in respect of materials donated under the tax credit scheme.
- Under the tax credit scheme, the Library acquired a large collection of **W B Yeats** papers; the **Whoseday Book** Archive featuring contributions by 266 writers, musicians, singers, artists, photographers and others prominent in Irish life; a large collection of personal and literary papers of the writer **Austin Clarke**; and a complete archive documenting **Dr Brian Friel's** writing career over a period of more than 40 years.
- The Library's new Website went live in September 2000. Users can now access catalogue records for a huge range of books, newspapers, photographs and other materials, which were previously available to personal callers only, plus a full listing of the microfilmed Catholic parish registers. Digitised images of some 10,000 photographs, prints and drawings can also be viewed.
- There were some 120,000 visitors to the Library in 2000.
- The number of people visiting the Library to seek assistance with researching their ancestors and family history increased by 3,000 to 13,500. American visitors (46%) constituted the largest single group, followed by Irish residents at 21%. The UK accounted for 12% of visitors, while Australia and Canada accounted for 15%. South Africa, New Zealand and other countries in Europe and South America accounted for 6% of visitors.
- During 2000 the number of visitors to the National Photographic Archive in Temple Bar increased to 19,700. The majority of these visited exhibitions on trains, portraiture and early Irish photography.
- Among 28 recipients of grants of arms from the Office of the Chief Herald were **President Mary McAleese**, the new **Eastern Regional Health Authority** and the **Town Commissioners of Lismore, County Waterford**.
- Overall, funds totalling £5.24 million were allocated to meet the Library's current expenditure in 2000. This represents an increase of £1.63 million on the previous year. In addition, almost £5 million was expended during the year on a range of capital projects forming part of the Library's development programme.

The *Trustees Report 2000* is on sale in the Library shop, price IR£3.50.

TUARASCAIL BHLIANTÚIL 2000

Imí Lúnasa, d'fhoilsigh an Leabharlann a tuarascáil bhliantúil dar teideal Tuarascáil na nIontaobhaithe don bhliain 2000. Chomh maith le heolas a chur ar fáil faoi ghníomhaiochtá na Leabharlainne le linn 2000, tá ailt ghearrá sa tuarascáil, den chéad uair, arna scriobh ag daoine den fhoireann faoi ghnéithe suntasacha d'obair na Leabharlainne.

Áirítear na nithe seo a leanas ar phríomhfhobairí na bliana seo caite:

- Chuir an Leabharlann ábhair arbh fhiú tuairim is £4 mhilliún lena mbailiúchán sa bhliain 2000. Áirítear san fhigír sin suim £515,000 a caitheadh ar cheannacháin leabhar, lámhscríbhinní agus nithe eile; suim £1,384,953 ar dhréacht lámhscríbhinné eipeasoíd *Circe de Ulysses* le **James Joyce** agus suim £1.75 milliún i leith ábhar a tugadh faoin scéim chreidiúna canach.
- Faoin scéim chreidiúna cánach, fuair an Leabharlann bailiúchán móré de pháipéir de chuid **W B Yeats**; Cartlann an **Whoseday Book** ina bhfuil ábhar de chuid 266 dhuine idir scríbhneoirí, ceoltóirí, ealaontóirí, granghrafadóirí agus daoine suaitheacháin eile i saol na hÉireann; bailiúchán móré de pháipéir phearsanta agus de pháipéir liteartha de chuid an scríbhneora **Austin Clarke**; agus cartlann ionlán ina rianaitear gairmréim scríbhneoireachta an **Dr Brian Friel** thar thréimhse is faide ná 40 bliain.
- Cuireadh túis beo le Laithreán Gréasáin nua na Leabharlainne i mí Mheán Fómhair 2000. Is féidir le húsáideoirí teacht a fháil anois ar thaifid chatalóige i gcás réimse leathan leabhar; nuachtán, granghrafa agus ábhar eile nach raibh ar fáil roimhe seo ach amháin do dhaoine a tháinig chuig an Leabharlann i bpearsa; ina theannta sin tá liosta ionlán ann de chlár mhicreascannánaithe na bpároistí Caitliceacha. Agus is féidir breathnú ar thuairim is 10,000 ionmá dhigitiúthe idir ghranghraif, phriontaí agus línochtá.
- Tháinig tuairim is 120,000 cuairteoir chug an Leabharlann sa bhliain 2000.
- Tháinig méadú 3,000 go 13,500 ar an lín daoine a thug cuairt ar an Leabharlann chun cúnamh a fháil maidir le taighde faoina sinsir agus faoi stair a dteaghlaich. Cuaireoirí Meiriceánacha a bhí sa ghrúpa aonair is mó (46%) agus Éireannacha a bhí sa chéad ghrúpa eile is mó (21%). As an Ríocht Aontaithe do 12% de na cuairteoirí agus tháinig 15% diobh as an Astráil agus as Ceanada. Ba é 6% an lín cuairteoirí a tháinig as an Afraic Theas, as an Nua-Shéalainn agus as tiortha eile san Eoraip agus i Meiriceá Theas le chéile.
- Le linn na bliana 2000, tháinig méadú go 19,700 ar an lín cuairteoirí sa Chartlann Náisiúnta Granghrafadóireachta i mBarra an Teampaill. Thug tromlach na ndaoine sin cuairt ar thaispeántais a bhain le traenacha, portráidíochta agus luathghriangrafaíochta na hÉireann.
- I measc na 28 bhfaigheoirí armais ó Oifig an Phríomh-Arailt bhí an tUachtaráin Máire Mhic Ghiolla Íosa, Údarás Sláinte Réigiún an Oirthir agus Coimisinéirí Baile Leasa Móire, Contae Phort Láirge.
- Leithroinneadh maoiniú £5.24 milliún san ionlán chun ioc as caiteachas reatha na Leabharlainne sa bhliain 2000. B'ionann sin agus méadú £1.63 milliún i gcomórtas leis an mbliain roimhe sin. Ina theannta sin, caitheadh beagnach £5 mhilliún i rith na bliana ar réimse tionscadal caipítíúil a bhí ina chuid de chlár forbartha na Leabharlainne.

Tá an Tuarascáil ar diol i siopa na Leabharlainne ar phraghas £€3.50.



National Library of Ireland Studentships 2001-2002

The Library has awarded three Studentships for 2001-2002: the Research Studentship in Irish History, the Archival Studentship and the Library Studentship.

The Research Studentship in Irish History (awarded in association with the Irish Committee of Historical Sciences) was awarded to Paul Dillon, a doctoral student at University College Dublin.

Paul will work on the processing of the Louth papers, a collection of correspondence, deeds and papers relating to the family of Plunkett, Barons Louth, and the Draycott and related families. The collection dates from the period 1544-1930, but almost half the material is from the period 1870-1930.

The Library's Archival Studentship is offered in association with the Archives Department, University College Dublin. The Studentship is intended for graduates who wish to gain experience in archival work preparatory to studying for a postgraduate qualification in archives administration. The 2001-2002 holder of the Studentship, now in its third year, is Victoria Perry, who holds a degree in History from Nottingham Trent University.

The Library Studentship is offered in association with the Department of Library and Information Studies, University College Dublin. It is intended for graduates who wish to gain practical experience prior to attending a post-graduate course in Librarianship. The 2001-2002 holder of the Studentship is Kathryn McSharry, who holds a Masters in Literature and Publishing from the National University of Ireland, Galway.

Scoláireachtaí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann 2001-2002

Tá trí Scoláireacht bronnta ag an Leabharlann don bhliain 2001-2002: an Scoláireacht Taighde i Stair na hÉireann, an Scoláireacht Chartlannaíochta agus an Scoláireacht Leabharlannaíochta.

Bronnadh an Scoláireacht Taighde i Stair na hÉireann (a bhronntar i gcomhar le Coiste na hÉireann um Eolaiochtaí Staire) ar Paul Dillon, mac léinn dochúireachta sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Beidh Paul ag obair ar phróiseáil pháipeir Lú, is é sin, bailiúchán comhfheagrasí, gníomhas agus páipéar a dhéileáinn le teaghlaigh Plunkett, Barún Lú, agus le teaghlaigh Draycott agus teaghlaigh ghaolmhara. Baineann an bailiúchán, ina ionmláine, leis an tréimhse 1544-1930, ach baineann tuairim is an leathchuid den ábhar leis an tréimhse 1870-1930.

Tairgtear Scoláireacht Chartlannaíochta na Leabharlainne i gcomhar leis an Roinn Chartlannaíochta, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá an scoláireacht beartaithe do chéimithe ar mian leo taithí a fháil ar obair chartlannaíochta mar ullmhúchán roimh chállocht iarchéime a fháil i riarrachán cartlannaíochta. Is í seo an tríú bliain den scoláireacht agus is í sealbhóir na scoláireachta ná Victoria Perry a bhfuil céim sa Stair aici ó Ollscoil Nottingham Trent.

Tairgtear an Scoláireacht Leabharlannaíochta i gcomhar leis an Roinn Staidéar Leabharlannaíochta agus Eolais, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá sí beartaithe do chéimithe ar mian leo taithí phraictiúil a fháil roimh fhreastal ar chúrsa iarchéime sa Leabharlannaíochta. Is í sealbhóir na scoláireachta don bhliain 2001-2002 ná Kathryn McSharry a bhfuil Máistreacht i Litríocht agus Foilsitheoiracht aici ó Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh.

NLI Society News

ANNUAL OUTING - 2001

The Society's Annual Outing took place on Saturday, 30 June. The destination was Limerick, where we visited the University of Limerick and the Hunt Museum. At the University we visited Plassey House, where the UL Visual Arts Administrator, Mary Sheehan, provided a guided tour of the house and the wonderful collections of paintings housed there, including the National Self-Portrait Collection, the Watercolour Society of Ireland collection and the Richard Wood collection. We then visited the University Concert Hall where Michael Murphy, Director of the Concert Hall, outlined the history and development of Ireland's only purpose built concert hall. Dr. Catherine Foley of the *Irish World Music Centre* then addressed the group, providing a fascinating account of the work of the Centre and its role as part of the Irish Academy of the Performing Arts.

The group was given guided tours of the Hunt Museum and its collections by knowledgeable and enthusiastic guides.

On the journey home, we stopped at Ballaghmore Castle in Borris-in-Ossory. Built in 1480, the castle was first home to the family of MacGiolla Phádraig. The present owner, Gráinne Ní Chormaic, who purchased the castle in 1990 and restored it, outlined the chequered history of Ballaghmore and entertained the group to afternoon tea.

LECTURE SERIES - 2001/2002

The Society's annual Lecture Series will commence on Thursday, 8 November, when Brian Lynch will deliver a lecture entitled 'Two lives in broadcasting: a centenary sketch of Maurice Gorham'. Full details of the lecture series will issue to Society members in October.

Venue: National Gallery of Ireland
Merrion Square
Time: 7.00pm

Nuacht Chumann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

AN TURAS BLIANTÚIL - 2001

Bhí Turas Bliantúil an Chumainn ann Dé Sathairn, an 30 Meitheamh. Ba é an ceann scribe ná Luimneach áit ar tugadh cuairt ar Ollscoil Luimnígh agus ar Mhúsaem Hunt. Chuamar ar cuairt chuig Teach Plassey san Ollscoil agus thug Riarthóir Amharc-Ealaón Ollscoil Luimnígh, Mary Sheehan, turas treoraithe díinn ar an teach agus ar na bailiúcháin iontacha péintéireachtaí atá ann lena n-áirtear an Bailiúcháin Náisiúnta Féin-Phortráidí, bailiúcháin Chumann Uisceadhanána na hÉireann agus bailiúcháin Richard Wood. Thugamar cuairt ar Cheoláras na hOllscoile ansin áit ar thug Michael Murphy, Stiúrthóir an Cheolárais, achoimre díinn ar stair agus ar forbairt an aon cheolárais amháin in Éirinn a tógaigh go sonrach le haghaidh na cuspóra sin. Labhair an Dr. Catherine Foley as an Irish World Music Centre, leis an ngrúpa ansin agus thug sí cuntas fiorspeisíúil ar obair an lárionaid agus ar a ról mar chuid d'Acadamh na hÉireann do na hEalaíona Taibhíúcháin.

Thug treoraithe eolacha diograiseacha turais threoraithe don ghrúpa i Mhúsaem Hunt le go bhfeicfi na bailiúcháin atá ann.

Ar an mbealach abhaile, stopamar ag Caisleán an Bhealaigh Mhór i mBuiríos Mór Osraí. Tógaigh an Caisleán sa bhliain 1480 agus, ar dtús, ba é teach cónaithe mhuintir Mhic Giolla Phádraig é. Thug an t-úinéir láithreach, Gráinne Ní Chormaic, a cheannaigh an Caisleán sa bhliain 1990 agus a d'athchóirigh é, achoimre díinn ar stair chorrasch an Bhealaigh Mhór agus chuir sí tae ar fáil díinn freisin.

SRAITH LÉACHTAÍ - 2001/2002

Tosnóidh Sraith Bhliantúil Léachtaí an Chumainn Déardaoin, an 8 Samhain, tráth a thabharfaidh an tUas. Brian Lynch léacht dar teideal 'Two lives in broadcasting: a centenary sketch of Maurice Gorham'. Déanfar sonrai iomlána faoin tsraith léachtaí a eisíúint chuig comhaltaí an Chumainn i lár mhí Dheireadh Fómhair.

Department of Prints and Drawings

ACCESS TO THE COLLECTIONS

The Library is undertaking a major reorganisation and relocation of its Prints and Drawings Collections prior to the opening of a new Prints and Drawings reading room. In order to facilitate this, it is necessary to suspend reader services in the Prints and Drawings Department until the end of 2002. We apologise to readers for this inconvenience. However it should result in much easier access to the collections in the long-term, so we would ask readers to bear with us while we carry out this essential work, which will involve both cataloguing and rehousing. The addition of new material, with accompanying images, to our online catalogue will also be accelerated during the period of closure.

REPROGRAPHIC SERVICES

A reproduction service for prints and drawings listed in the Prints and Drawings catalogues, including the online catalogue, remains in operation. Please write to, or e-mail, the Prints and Drawings Department, National Library, Kildare Street, Dublin 2 (prints&drawings@nli.ie) enclosing full details of the item title and Call Number. An invoice will be forwarded to you, and your order will be processed on receipt of payment.

COLLECTION DEVELOPMENT CONTINUES

The Department continues to acquire new material, which can be easily accessed through our web catalogue at www.nli.ie/printscatalogue.html. Readers may be interested in the following additions to our collection, samples of which are illustrated below.

COLLECTION OF SKETCHES BY SIR JOHN FIENNES TWISELTON CRAMPTON, AND HIS SISTER SELINA CRAMPTON (PD 3094 TX)



3094 TX 57: Woman wearing a bonnet by Sir John Crampton

Last year we purchased 37 drawings by Irish-born diplomat Sir John Fiennes Twisleton Crampton (1805-1886) and we are happy to have expanded this collection through the acquisition of a further 21 works by him, together with 15 in watercolour and ink by his sister, Selina.

Crampton's career began in Turin in 1826. He was transferred to St. Petersburg in 1828, Brussels in 1834, Vienna in 1839 and Berne in 1844. His most important posting was in Washington, where he served from 1845 to 1856, and was declared persona non grata for recruiting troops for the British army in defiance of

American law, causing severe strain on Anglo-American relations at the time. He was recalled and sent to Hanover in 1857, St. Petersburg again the following year and finally to Madrid from 1860 to 1869. He retired to his seat in Bushy Park, where he died. His lively sketches are mainly pen and ink. Other examples of his work can be found in the British Museum.

continued on page 4

An Roinn Priontaí agus Líníochtaí

ROCHTAÍN AR NA BAILIÚCHÁIN

Sula n-osclöfar seomra nua léitheoreachta Priontaí agus Líníochtaí, tá atheagrú mórsclá agus athlomnú ar síúl ag an Leabharlann i dtaca lena Priontaí agus Líníochtaí. D'fhoran obair sín a éasú is gá seirbhís léitheoreachta sa Roinn Priontaí agus Líníochtaí a chur ar fionraí go dtí deireadh na bliana 2002. Gabhaimid leithseal le léitheoirí as an gciotaí sín. Ach, de thoradh na hoibre seo, is ceart go mbeidh sé níos éasca rochtain a fháil ar na bailiúcháin san fhadtéarma agus, dá bhrí sin, iarraimid ar léitheoirí a bheith foighneach fad atá an obair riachtanach seo ar síúl againn ar obair í lena ngabhamh catalógú agus athlomnú araoen. Le linn na tréimhse nach mbeidh an tseirbhís seo ar fáil luathófar an obair a bhaineann le hábhar nua, agus iomhána a ghabhamh leis an ábhar sín, a chur lenár gcatalóg ar-line.


SEIRBHÍS ATÁIRGTHE

Tá seirbhís atáirgthe i bhfeidhm fós maidir le priontaí agus Líníochtaí atá liostaithe sna catalóga Priontaí agus Líníochtaí. Scríobh litir leis an bpost, nó cuir teachtaireacht riomhphoist, chuig an Roinn Priontaí agus Líníochtaí, an Leabharlann Náisiúnta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2 (prints&drawings@nli.ie) agus tabhair sonraí ionlána faoi theideal na hítime agus faoin nGlaobh-Uimhir. Cuirfear sonrasc chugat agus déanfar d'ordú a phróiseáil tar éis an tócaíochta a fháil.

TÁTHAR AG LEANÚINT D'FHORBAIRT NA MBAILIÚCHÁIN

Tá an Roinn ag leanúint d'ábhar nua a fháil agus is féidir rochtain a fháil air go héasca trínár gcatalóg ghréasáin ag www.nli.ie/printscatalogue.html. D'fhéadfadh sé go gcuirfidi léitheoirí spéis sna samplaí anseo thíos de nithe nua inár mbailiúchán.

BAILIÚCHÁIN SCEITSEANNA LE SIR JOHN FIENNES TWISELTON CRAMPTON, AGUS LENNA DHEIRFIÚR SELINA CRAMPTON (PD 3094 TX)



3094 TX 62(A) : Ag taisteal i gConamara le Selina Crampton

Anuraidh, cheannaíomar 37 líníocht leis an taidhléoir Sir John Fiennes Twisleton Crampton (1805-1886), a rugadh in Éirinn, agus is cúis áthais dúinn go bhfuil an bailiúchán seo leathnaithe againn trí 21 shaothar dá chuid a fháil, mar aon le 15 shaothar uisceadhatha agus dúigh lena dheirfiúr, Selina.

Thosaigh gairmréim Crampton in Turin sa bhliain 1826. Aistríodh é go St. Petersburg sa bhliain 1828, go dtí an Bhruiséil sa bhliain 1834, go Vín sa bhliain 1839 agus go Berne sa bhliain 1844. Ba é an post ba thábhacthaí a bhí aige ná a phost in Washington, áit ar fhóin sé ó 1845 go 1856, agus dearbhaiodh ina persona non grata é as trípaí a earcú isteach in arm na Breataine de shárú ar dhí Mheiriceá rud a chuir brú mór ar chaidreamh Angla-Mheiriceánach an tráth sin. Gaireadh ar ais é agus cuireadh go Hanover é sa bhliain 1857, go St. Petersburg arís an bhliain dár geonn agus sa deireadh go Madrid ó 1860 go 1869. Scór sé chuig a shuíomh in Bushy Park, áit a bhfuair sé bás. Le peann agus dúch, go príomha, a rinneadh a chuid sceitseanna Ar leanúint ar leathanach a 4

Many of the drawings by Selina Crampton show Waterford Harbour, Duncannon Fort and Hook Lighthouse. She was also interested in capturing Irish social scenes, as we can see here from her sketch of travelling conditions in the West of Ireland.

WATERCOLOURS AND SKETCHES OF IRELAND 1845-6 BY DAVID MARKHAM (PD 4020 TX)

Amateur artist and antiquarian, Rev. David Frederick Markham was the grandson of William Markham (born in Kinsale in 1719), Archbishop of York and Preceptor to the Prince of Wales and Duke of York. The Department has acquired a set of 37 Watercolours and Sketches of Ireland executed by David Markham between 1845 and 1846. These cover not only well known sites and monuments such as the Rock of Cashel and the High Cross at Kells, but also parts of the country less frequently depicted in 19th century topographical works. Markham's drawings of County Leitrim are of particular interest and include several views of Manorhamilton, one of which is reproduced below, as well as Ardvarny and Blacklion.



4020 TX 11: Manor Hamilton by Rev. David Markham

Album of drawings and prints by Mary Birkett (PD 4021 TX)
This eclectic album contains a variety of drawings, prints, photographs and ephemera collected on her travels by Mary Birkett between the 1850s and 1870s. Amongst its contents are original watercolours by Birkett done throughout England, Wales, Belgium, Germany and Switzerland, including several of the Curragh and Athgarven Lodge, residence of Capt. Abbot Anderson, drawn in 1859 and 1862. In addition, the album contains four small watercolours by Elizabeth Pigot (1783-1866) of Southall, who was a friend and correspondent of Lord Byron.

bríomhara. Tá samplaí eile dá shaothar le fáil i Músaem na Breataine. Taispeánann cuid mhór de na líníochtaí le Selina Crampton Cuan Phort Láirge, Dún Dhún Canann agus Teach Solaíse Rinn Duáin. Ba ábhar spéise aici freisin radhairc a cheapadh de shochaí shóisialta na hÉireann, mar is léir duit inn anseo ina scéitse de dháláí taistil in Iarthar na hÉireann.

UISCEDHATHANNA AGUS SCEITSEANNA D'ÉIRINN 1845-6 LE DAVID MARKHAM (PD 4020 TX)

Ba ealaontóir agus seandachtaí amaitéarach é an tOir. David Frederick Markham; ba é garmhac William Markham (a rugadh i gCionn tSáile sa bhliain 1719), Ardeaspag York agus Teagascóir Phrionsa na Breataine Bige agus Dhiúc York é. Fuair an Roinn sráith 37 nUisceadhath agus Sceitseanna d'Éirinn a rinne David Markham idir 1845 agus 1846. Baineann stád sin ní amháin le láithreán agus séadchomharthaí a bhfuil eolas maith orthu, mar shampla, Carrraig Phádraig agus an Ard-Chros i gCeanannas, ach baineann siad le codanna den tir freisin nach dtaispeántar chomh minic céanna i saothair thopagrafacha de chuid an 19ú haois. Is diol spéise ar leith iad líníochtaí Markham de Chontae Liatroma agus áirítear iontu roinnt radharc de Chluainín a bhfuil ceann amháin diobh le feiceáil thíos, mar aon le Ardvarny agus Black Lion.

ALBAM LÍNÍOCHTAÍ AGUS PRIONTAÍ LE MARY BIRKETT (PD 4021 TX)



4021 TX 84: Pubaill de chuid 1st Royals, Campa an Churraigh - 10th Roy. ag máirseáil isteach : ó Lóiste Átha Garbháin i 1859 le Mary Birkett

San albam ilchineálaí seo tá líníochtaí, priontaí, granghraif agus ephemera éagsúla a bhailigh Mary Birkett le linn di a bheith ag taistéal sa tréimhse idir blianta na 1850-idí agus na 1870-idí. I measc na nithe sin tá uisceadhathanna bunaidh le Birkett a rinneadh ar fud Shasana, na Breataine Bige, na Beilge, na Gearmaine agus na hEilvéise, agus áirítear sa bhailiúchán roinnt uisceadhathanna den Churrach agus de Lóiste Átha Garbháin, is é sin, teach cónaithe an Chaptaein Abbot Anderson, a tarraingíodh i 1859 agus 1862. Ina theannta sin, tá ceithre uisceadhath bheaga le Elizabeth Pigot (1783-1866) as Southall san albam; ba chara agus comhfhreagráil de chuid an Tiarna Byron í sin.

NEW !

A new set of six Prints & Drawings postcards is now available from the library shop, with images from our Brocas, Architectural Drawings, Cartoon, Topographical and Illustration Collections.

NUA !

Tá sráith nua sé cártáí poist Phrionta & Líníochtaí ar fáil anois ó shiopa na Leabharlainne ina bhfuil tomhanna as ár mbailiúcháin Brocas, Líníochtaí Ailtireachta, Cartún, Tópagrafaíochta agus Léaráidí.

Joanna Finegan
Prints and Drawings Librarian

Joanna Finegan
Leabharlannaí Priontaí agus Líníochtaí

Donation from the Ireland Literature Exchange

The Library has recently received a consignment of books comprising the entire catalogue of Ireland Literature Exchange (ILE). The donation is made up of over 400 Irish literary works translated into some 40 languages in a geographic spread extending from China to Argentina. Working in conjunction with international publishers, ILE aims to increase the international readership of contemporary Irish literary works abroad by providing financial support for the translation of the literature of Ireland into foreign languages. In addition to its role in the area of providing funding for translation, ILE also acts as an

information centre for publishers, translators, academics and other groups interested in Irish writers.



The full canon of Irish writing is represented in the collection. Predictably, Nobel Prize winners Beckett, Yeats and Heaney are amply represented - in an array of languages. For example ILE provided funding to The China Workers Press in Beijing to publish *The Complete Lyrical Poems of W.B. Yeats* in Chinese. With the assistance of ILE, Seamus Heaney's works have been translated into Albanian, Czech, German, Hungarian, Italian, Slovak,

Slovene and Mexican Spanish. The collection takes in a Japanese translation of *The Heather Blazing* by Colm Tóibín, a Slovak translation of *Letters of a Love-Hungry Farmer* by John B. Keane and Wilde's *The Ballad of Reading Gaol* in Russian.

Irish-language titles also feature strongly in ILE's programme. Some notable successes include the publication in both Norwegian and Danish of *Cré na Cille*, by Máirtín Ó Cadhain, first published in 1949 and, interestingly, never translated into English. Nuala Ní Dhomhnaill's poetry has been translation into Breton, Danish and

Romanian. ILE has worked with the Romanian publisher, Ars Longa, on a number of occasions and to date they have published, with ILE funding, work by Colm Breathnach, Áine Ní Ghlinn, Micheál Ó Conghaile, Máirtín Ó Direáin, Seosamh Ó Guairim, Cathal Ó Searcaigh, Seán Ó Tuama and Gabriel Rosenstock.

More surprising is the translation of the works of emerging Irish writers and of works of popular fiction.


continued on page 6

Bronntanas ón Ireland Literature Exchange

*L*e déanaí, fuair an Leabharlann coinsíneacht leabhar ina bhfuil catalóg ionmlán Ireland Literature Exchange (ILE). Áirítear sa tabhartas sin os cionn 400 saothar litríochta Éireannacha arna n-aistriú go tuairim is 40 teanga a bhaineann le tiortha ar fud an domhan ón tSín go dtí an Airgintín. Oibríonn ILE i gcomhar le foilsitheoirí idirnáisiúnta d'fhoinn cur leis an lón daoine, ar bhonn idirnáisiúnta, a léann saothair chomhaimseartha litríochta de chuid na hÉireann thar lear agus cuireann sé tacaíocht airgeadais ar fáil chun litríocht na hÉireann a aistriú go teangacha iasachta. I dtéantá a róil i dtaca le maoiniú a sholáthar le haghaidh obair aistriúcháin, gníomhaíonn ILE mar ionad eolais d'fhoilsitheoirí, d'astrittheoirí, d'acadúlaithe agus do ghrúpaí eile a bhfuil spéis acu i scribhneoirí Éireannacha.


Tá samplaí de réimse ionmlán scribhneoireachta na hÉireann le fáil sa bhailiúchán. Agus, ar ndóigh, tá cuid mhór samplaí de shaothar de chuid bhuaiteoirí Dhuais Nobel ann Beckett, Yeats & Heaney – ina lán teangacha. Mar shampla, tugadh deantas do Phreas Obitrithe na Síne chun The Complete Lyrical Poems of W.B. Yeats a fhoilsíú i Sínis. Le cúnamh ó ILE, tá aistriúchán déanta ar shaothair Seamus Heaney go hAlbánis, go Seicis, go Gearmáinis, go hUngáiris, go hIdáilis, go Slóvácis agus go Spáinnis Mheicsiceo. Tá aistriúchán Seapáinise ar The Heather Blazing le Colm Tóibín, aistriúchán

Slóváicise ar Letters of a Love-Hungry Farmer le John B. Keane agus leagan Rúisisde de The Ballad of Reading Gaol le Wilde san áireamh sa bhailiúchán.



Tá cuid mhór teideal Gaeilge ann freisin i gclár ILE. D'éirigh go maith le roinnt teideal ar leith, mar shampla leaganacha Ioruaise agus Dannhaigise de Cré na Cille, le Máirtín Ó Cadhain, a céad fhoilsíodh sa bhliain 1949; is suimiúil an rud é nár aistriodh go Béarla riamh é. Tá aistriúchán go Briotáinis, go Danmhraigis agus go Rómáinis déanta ar fhilíocht Nuala Ní Dhomhnaill. D'oibrigh an ILE leis an bhfoilsitheoir Rómáach, Ars Longa, roinnt uaireanta agus, go nuige seo, le maoiniú ó ILE, tá saothar le Colm Breathnach, Áine Ní Ghlinn, Micheál Ó Conghaile, Máirtín Ó Direáin, Seosamh Ó Guairim, Cathal Ó Searcaigh, Seán Ó Tuama agus Gabriel Rosenstock foilsithe acu.

Is ábhar ar leith iontais é an obair aistriúcháin atá déanta ar



Ar leanúint ar leathanach a 6

For example, the popular novel *Watermelon*, by Marian Keyes, has been translated into Greek and Swedish with the assistance of grants from ILE, extending the potential sales of her work beyond the borders of English speaking countries. Works like Anne Haverty's *One Day as a Tiger* have been translated into Dutch, Conal Creedon's *Passion Play* into Italian and Eoin McNamee's *Resurrection Man* into German, Bulgarian and Spanish. Similarly, the works of Joseph O'Connor, Maeve Binchy and Brendan O'Carroll have been translated into many different languages.

The variety of scripts involved presents a new challenge to the Library's cataloguing department, with staff attempting to decipher Cyrillic, Greek and Hebrew texts. However, work is progressing rapidly with the help of online dictionaries and comparative alphabets.

The acquisition of this collection is very important to the National Library, as it is often difficult in the normal way to trace items of Irish interest published abroad.

**Julia Cummins,
Assistant Keeper II**

The **Ireland Literature Exchange** can be contacted at
19 Parnell Square, Dublin 1.
Tel: +353-1-872 7900 Fax: +353-1-872 7875
E-mail: ilew@indigo.ie

shaothair scribhneoirí nua Éireannacha agus ar shaothair ficsin ghinearálta. Mar shampla, le cúnamh deontais ó ILE, aistriodh an t-úrscéal Watermelon, le Marian Keyes, go Gréigis agus go Sualainnis, rud a leathnaigh cumas dióla a saothair thar theorainneacha na dtíortha ina labhraítear Béarla. Aistriodh One Day as a Tiger le Anne Haverty go Dúitsís, Passion Play le Conal Creedon go hIodáilis agus Resurrection Man le Eoin McNamee go Gearmáinis, Bulgáiris agus Spáinnis. Mar an gceáanna, tá saothair Joseph O'Connor, Maeve Binchy agus Brendan O'Carroll aistrithe go cuid mhór teangacha éagsúla.

Is ábhar dúshlán nua do roinn catalógaithe na Leabharlainne an éagsúlacht atá sna scriptoanna atá i gceist mar go geaitfhidh an fhoireann iarrach a dhéanamh téacsanna Coireallacha, Gréigise agus Eabhrase a thuiscint. Tá an obair ag dul ar aghaidh go tapa, áfach, le cabhair ó fhoclóirí ar-line agus ó aibitri comparáideacha.

Tá sé tábhachtach go bhfuil an bailiúchán seo faigthe ag an Leabharlann Náisiúnta mar gur minic a bhíonn sé deacair nithe, ar díol spéise Éireannáí iad, agus atá foilsithe thar lear, a rianú.

**Julia Cummins,
Coimeádaí Cúnta II**

*Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an **Ireland Literature Exchange** ag
19 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1.
Teil: +353-1-872 7900 Facs: +353-1-872 7875
Ríomhphost: ilew@indigo.ie*

National Photographic Archive

Following the success of the **Dubliners** exhibition which ran throughout the Summer, the National Photographic Archive, is looking further back into the history of 19th century photography with its Autumn programme.

The exhibition **Photography in Ireland: the Nineteenth Century** marks the publication of Edward Chandler's book of the same name. The exhibition features many original works by early Irish photographers, from the popular commercial studios of the day to the more obscure figures involved in photography at the time. Many of the items on display are originals, and some have been kindly lent for the occasion. The Photographic Society of Ireland has been particularly generous in loaning, among other photographs, the mammoth sized portrait of Maud Gonne, taken by Alfred Werner in 1893. This makes an impressive centrepiece for the exhibition, which is well worth a visit.

Opening hours:
Monday-Friday 10am-5pm
Saturday 10am-1pm

Further information is available from the National Photographic Archive, Meeting House Square, Temple Bar, Dublin 1.
Tel. +353-1-6030 374.
Fax: +353-1-6777 451.
Email: photoarchive@nli.ie



An Chartlann Náisiúnta Grianghrafnadóireachta

*Ó harla gur éirigh chomh maith sin leis an taispeántas **Dubliners** a bhí ann i rith an tSamhraidh, tá an Chartlann Náisiúnta Grianghrafnadóireachta ag breathnú níos faide siar ar stair ghrianghrafnadóireachta an 19ú haois ina clár don Fhómhar.*

*Tá an taispeántas **Photography in Ireland: the Nineteenth Century** ann i gcomhthráth le foilsíú leabhar den teideal céanna le Edward Chandler. Tá cuid mhór saothar bunaidh le luathghrianghrafnadóirí Éireannacha le feiceáil sa taispeántas, mar shampla saothar ó stíúideonna tráchtala na haimsire sin agus saothar cuid de na daoine eile a bhí ag gabhláil don ghriangrafaíocht an tráth sin ach nach bhfuil an oiread céanna aithne orthu. Bhí Cumann Ghriangrafaíocht na hÉireann an-fhlaitheúil sa mhéid gur thug siad, i measc nithe eile, ollphortráid de Maud Gonne, a thóg Alfred Werner sa bláthain 1893, ar iasacht don taispeántas. Is lármhír iontach é sin don taispeántas agus is fiú go mór cuairt a thabhairt air.*

Uaire oscailte:
Luan-Aoine 10am-5pm
Satharn 10am-1pm

Tá tuilleadh eolais ar fáil ón gCartlann Náisiúnta Grianghrafnadóireachta, Cearnóg an Tionól, Barra an Teampaill, Baile Átha Cliath 1.
Teil. +353-1-6030 374. Facs: +353-1-6777 451
Ríomhphost: photoarchive@nli.ie

National Library of Ireland,

Kildare Street, Dublin 2

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann,

Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2

Telephone: +353 603 02 00 Fax: +353 1 676 66 90 e-mail: info@nli.ie website: www.nli.ie